

Uimhir Ghutháin: 090 6632900

**Íoslódáil an fhoirm seo, clóscríobh na sonraí agus cuir an fhoirm
tríd an ríomhphost, le do thoil, chuig:
GROonlinepayments@groireland.ie**

Cuid 1 – Deimhnithe agus Seirbhísí Gaolmhara

Cineál	Tuairisc	Costas €
Deimhniú (Foirm Fhada an Deimhnithe)	Is éard atá anseo ná cóip dheimhnithe d'iontráil sa chlár agus is é seo an deimhniú atá in úsáid chun críocha dlí agus riaracháin.	€20.00
Fótachóip	Tá fótachóipeanna d'iontrálacha sna cláir ar fáil freisin. Tá an t-eolas céanna sna fótachóipeanna agus atá sa deimhniú ach níl siad le húsáid ach chun críocha taighde.	€4.00
Deimhniú Seirbhísí Sonraithe	Tá foráil reachtach ag Ranna/Eagraíochtaí áirithe chun caoi a thabhairt ar dheimhnithe a cheannach ar phraghas laghdaithe €1 i leith seirbhísí sonraithe áirithe. Ní foláir litir ón Roinn/Eagraíocht ábhartha a bheith i dteannta na n-iarratas seo ar dheimhnithe seirbhísí sonraithe.	€1.00
Fíordheimhnithe	Bíonn gá leis seo i ndálaí áirithe amháin (de bhreis ar an gcóip dheimhnithe), agus é le fáil ar iarratas ón Oifig um Chlárú Sibhialta, Bóthar an Chlochair, Ros Comáin, Éire, F42 VX53.	€10.00
Foirm Chaighdeánach Ilteangach (FCI)	Ní eisítear Foirm Chaighdeánach Ilteangach ach nuair a fhaigheann tú deimhniú ón bPríomh-Oifig Chlárúcháin agus ní foláir í sin a iarraidh nuair a dhéantar iarratas ar an deimhniú. Forálann Rialachán an Aontais Eorpaigh (AE) lena rialaítear na Cáipéisí FCI gur féidir iad a chur amach i dtaca le deimhnithe breithe, báis, pósta agus páirtnéireachta sibhialta. Is é is cuspóir leis an FCI ná éascaíocht a dhéanamh ar aistriúcháin na cáipéise poiblí lena bhfuil sí i gceangal agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aici inti féin. Ní foláir duit teanga an AE, inar gá an FCI a sholáthar, a chur in iúl má tá an rogha seo á déanamh agat.	Níl Aon Táille

Cuid 2 – Conas a gheofar an deimhniú (na deimhnithe)?

Is ar pháipéar slán a chlóítear cóipeanna deimhnithe (deimhnithe) agus caithfear iad a chur amach tríd an bpost. Má tá fótachóip á ceannach agat, is féidir linn í a chur chugat tríd an ríomhphost in ionad í a chur tríd an bpost. Léirigh i gCuid 4 thíos, le do thoil, más mian leat go gcuirfear fótachóip chugat tríd an ríomhphost.

Cuid 3 – Íocaíocht ar líne

Nuair a bheidh d'iarratas faighte againn, cuirfear ríomhphost chugat. Inseofar duit sa ríomhphost seo faoin táille a dhlifear agus áireofar leis nasc slán lena gceadófar duit an íocaíocht a dhéanamh go díreach leis an bPríomh-Oifig Chlárúcháin le cárta creidmheasa/dochair. Caithfidh tú cliceáil ar an gcnaipe **'Íoc Anois'** chun an íocaíocht a dhéanamh. Cuirfear admháil go huathoibríoch chugat tríd an ríomhphost nuair a dhéanfar an íocaíocht. Gheobhaidh an Phríomh-Oifig Chlárúcháin ríomhphost daingniúcháin freisin agus déanfar an t-ordú a phróiseáil agus a eisiúint tríd an bpost/ríomhphost (mar a léirítear i gCuid 4 i dtaca le fótachóipeanna amháin).

Mura féidir teacht ar iontráil, eiseofar deimhniú "gan tásca" chugat agus déanfar aisíoc ar do chárta.

Beartas Sonraí: Riarann an tSeirbhís um Chlárú Sibhialta córas na hÉireann um chlárú sibhialta. Ceanglaítear le dlí ar dhuine sonraí pearsanta a chur ar fáil chun tarlú suntasach (breith, marbh-bhreith, bás nó pósadh) a chlárú agus féadfar sonraí pearsanta a mhalartú le comhlachtaí poiblí eile agus le húdaráis phoiblí eile de réir mar a fhoráiltear le dlí. Ceanglaítear ar dhuine sonraí pearsanta a chur ar fáil nuair a dhéantar iarratas ar dheimhnithe ar tharluithe tábhachtacha agus ar chuardaigh ar innéacsanna na gclár sibhialta. Tá beartas sonraí na Seirbhíse um Chlárú Sibhialta le fáil ar www.groireland.ie nó i gcrúachóip, ar iarratas.

Cuid 4 – Sonraí den duine atá ag déanamh iarratais ar an deimhniú (na deimhnithe)

Túsainm an Iarratasóra:		Sloinne an Iarratasóra	
Seoladh:			
Uimhir Ghutháin:		Seoladh Ríomhphoist:	
Más iarratas ar fhótachóip é seo, is féidir linn fótachóip a chur chugat tríd an ríomhphost ag an seoladh ríomhphoist thuas – Cuir tic anseo más mian leat an ríomhphost. <input type="checkbox"/>			

Cuid 5 – Sonraí den deimhniú (de na deimhnithe) atá de dhíth

LÍON, LE DO THOIL, GACH RÉIMSE IS FÉIDIR (I DTACA LEIS AN DEIMHNIÚ ATÁ DE DHÍTH ORT) CHUN GO BHFÉADFAR TEACHT AR AN IONTRÁIL

Deimhniú Breithe/Deimhniú Uchtála			
Ainm an duine a bhfuil an deimhniú breithe de dhíth ina leith:			
Dáta breithe:		Áit bhreithe (más féidir):	
Ainm an Athar:		Sloinne Réamhphósta na Máthar: (agus túsainm san áireamh)	
Cuir tic anseo má tá an duine uchtáilte go dleathach: <input type="checkbox"/>			
Cuir tic mar is cuí: <input type="checkbox"/> Foirm Fhada an Deimhnithe <input type="checkbox"/> Fótachóip <input type="checkbox"/> Seirbhísí Sonraithe <input type="checkbox"/> Deimhniú Fíordheimhnithe <input type="checkbox"/> Foirm Chaighdeánach Ilteangach (FCI)			
Teanga an AE den FCI:			
Deimhniú Pósta/Páirtnéireachta Sibhialta			
Ainmneacha agus Sloinnte na bpáirtithe:			
Dáta agus áit an phósta/na páirtnéireachta sibhialta:			
Cuir tic mar is cuí: <input type="checkbox"/> Foirm Fhada an Deimhnithe <input type="checkbox"/> Fótachóip <input type="checkbox"/> Seirbhísí Sonraithe <input type="checkbox"/> Deimhniú Fíordheimhnithe <input type="checkbox"/> Foirm Chaighdeánach Ilteangach (FCI)			
Teanga an AE den FCI:			
Deimhniú Báis			
Ainm agus Sloinne:			
Aois nó dáta breithe an Duine Éagtha:		Dáta Báis:	
Áit Bháis:		Seoladh (más féidir):	
Cuir tic mar is cuí: <input type="checkbox"/> Foirm Fhada an Deimhnithe <input type="checkbox"/> Fótachóip <input type="checkbox"/> Seirbhísí Sonraithe <input type="checkbox"/> Deimhniú Fíordheimhnithe <input type="checkbox"/> Foirm Chaighdeánach Ilteangach (FCI)			
Teanga an AE den FCI:			